C/2025/2971

23.5.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/2971)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Queso Ibores'

Uimh. AE: PDO-ES-0261-AM01 - 25.2.2025

1. **Ainm an táirge**

'Queso Ibores'

2. **Cineál an Táisc Gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach Faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **An tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ard-Stiúrthóireacht Talmhaíochta agus Beostoic Rialtas Extremadura

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Meastar gur leasú caighdeánach é an leasú ar shonraíocht táirge an ATFC 'Queso Ibores' toisc nach dtagann sé faoi aon cheann de na catagóirí dá bhforáiltear in Airteagal 23(3)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 2024/1143.

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Leasú ar an bhfoclaíocht a bhaineann le pórtha beostoic údaraithe*

Rinneadh an tagairt do cheann de na pórtha gabhair ceadaithe a bhaint den tsonraíocht táirge. Gaireadh 'Serrana' den phór i gceist sa téacs. Is ainm débhríoch é sin atá imithe i léig, ainm a thagair, i ndáiríre, do ghrúpa pórtha nach gcuimsítear i gCatalóg Oifigiúil na bPórtha Beostoic sa Spáinn. Cuireadh na pórtha gabhair seo a leanas ina ionad: Florida, Malagueña agus Murciana-Granadina. Meastar gur pórtha dúchasacha de chuid na Spáinne iad sin uile sa chatalóg thuasluaite, agus meastar freisin gur saintréith iad d'achar mór sa leath ó dheas de leithinis na hIbéire. Baineann an t-athrú seo le Ranna B, E agus F den tsonraíocht táirge agus le Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar na toisí*

Rinneadh roinnt mionathruithe ar shaintréithe fisiceacha sonracha an táirge faoi chosaint: airde, trastomhas agus meáchan na gcáiseanna. Is é is cuspóir dó cáiseanna de thoisí atá beagán níos lú a cheadú. Ní dhéanann sin difear ach do Roinn B den tsonraíocht táirge agus do Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

3. *Soiléiriú maidir le fad téachta agus fáiscthe na cáise*

Tugtar tuilleadh mionsonraí maidir le gnéithe áirithe den phróiseas táirgthe le haghaidh na gcáiseanna faoi chosaint. Go háirithe, laghdaíodh an fad téachta agus fáiscthe, chun na paraiméadair sin a oiriúnú don dul chun cinn teicneolaíoch a tharla ó cláraíodh an ATFC. Ní dhéanann an leasú seo difear ach do Roinn E(2) den tsonraíocht táirge.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta*

Cuireadh Roinn G (comhlacht cigireachta) in oiriúint chun an staid dhlíthiúil agus riaracháin atá ann faoi láthair a léiriú.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

5. *Leasú ar na ceanglais maidir le lipéadú*

Tugadh tuairisc níos mionsonraithe ar fhorálacha a bhaineann le lipéadú, trí mhír a chur leo maidir le foirmeacha ceadaithe le haghaidh díola agus maidir leis an gcaoi a ndéantar iad a lipéadú. Baineann an leasú seo le Roinn H den tsonraíocht táirge agus le Roinn 3.5 den doiciméad aonair.

Déanann an leasú seo difear don doiciméad aonair.

6. *Scriosadh na gceanglas reachtaíochta náisiúnta*

Scriosadh Roinn I (Ceanglais reachtaíochta náisiúnta) toisc nach bhfuil gá léi.

Ní dhéanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

‘Queso Ibores’

Uimh. AE: PDO-ES-0261-AM01 - 25.2.2025

ATFC (X) TGFC ( )

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó an TGFC)**

‘Queso Ibores’

2. **Ballstát nó Tríú Tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

— 04 — TÁIRGÍ DÉIRÍOCHTA; UIBHEACHA ÉAN; MIL NÁDÚRTHA; TÁIRGÍ INITE DE THIONSCNAMH AINMHÍOCH, NACH BHFUIL SONRAITHE NÁ ÁIRITHE IN ÁIT EILE

0406 – Cáis agus gruth

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is cáis lánsaille é 'Queso Ibores', a tháirgtear go heisiach as bainne amh ó ghabhair de na pórtha Verata, Retinta, Florida, Malagueña agus Murciana-Granadina agus de na crosphórtha díobh. Is é an bainne an táirge nádúrtha iomlán a fhaightear ó ghabhair shláintiúla a thógtar ar ghabháltais atá cláraithe i gClár Gabháltas Beostoic an ATFC.

Tá na saintréithe seo a leanas in 'Queso Ibores' aibí.

FISICEACH

Bíonn cruth sorcóireach ar an táirge, ag a mbíonn barr agus bun atá cothrom a bheag nó a mhór agus ag a mbíonn imill chruinne. Bíonn sé idir 4 cm agus 9 cm ar airde, é idir 8 cm agus 15 cm ar trastomhas agus bíonn idir 400 g agus 1 200 g meáchain ann. Bíonn a chraiceann mín agus meánchrua agus bíonn sé brataithe de ghnáth i bpiobar nó in ola. Bíonn a dhath nádúrtha idir buí na céarach agus ócair dhorcha, cé go n-athraíonn sé sin ag brath ar na cineálacha éagsúla múscáin a fhorbraíonn, ó scothliath a craicinn nádúrtha go horáiste-dearg den chineál piobarbhrataithe agus buí ócair don leagan atá olabhrataithe. Bíonn dath an eabhair ar an taobh istigh, é meánchrua, agus bíonn a uigeacht tais, uachtarúil a athraíonn idir grabhrógach agus spúinseach, agus bíonn roinnt poll beag ann a dháiltear go cothrom.

CEIMICEACH

Cion saille íosta – 45 % d'ábhar tirim. Cion ábhair thirim íosta – 50 %. pH: idir 5,0 agus 5,5. Próitéin iomlán in ábhar tirim: íosmhéid 30 %. Uasmhéid NaCl: 4 %.

ORGÁNAILEIPTEACH

Athraíonn an dea-bholadh idir milis agus séimh, saintréith i gcáis gabhair a dhéantar as bainne amh. Bíonn blas láidir air de ghnáth: beagán searbh, géar agus goirt, lena mbaineann iarbhlas beag de bhainne gabhair, a bhíonn an-deas sa bhéal.

MICRIBHITHEOLAÍOCH

Comhlíonann sé na rialacha atá ann faoi láthair maidir le sábháilteacht bia.

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Baineann córas beathaithe an phobail gabhar saor-raoin, nó leath-saor-raoin, leas as acmhainní nádúrtha an limistéir gheografaigh. Tá beathú forlíontach ann ina n-úsáidtear tuí, farae, gránaigh agus cumaisc bunaithe ar phiseánaigh agus ar shíolta le linn na dtréimhsí is mó gá, amhail breith agus lachtadh, nó nuair a bhíonn an clúdach fásra is gainne le linn an tsamhraidh.

Tagann an bainne a úsáidtear chun 'Queso Ibores' a tháirgeadh ó na pórtha gabhar a liostaítear thuas. Ní mór na gabháltais a bheith suite sa limistéar táirgeachta agus ní mór iad a bheith cláraithe i gClár Gabháltas Beostoic an ATFC.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Déantar an cháis a mhonarú in uachtarlanna cáise cláraithe laistigh den limistéar táirgeachta atá cumhdaithe agus maoirsithe ag an mBord Rialála.

Tarlaíonn an próiseas aibithe i mbunaíochtaí cláraithe a ndéanann an Bord Rialála maoirseacht orthu.

Ansin cuirtear an táirge deiridh faoi réir na n-anailísí fisiceacha, ceimiceacha, micribhitheolaíocha agus orgánaileipteacha iomchuí is gá chun a cháilíocht a ráthú.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Cuirtear na cáiseanna ar an margadh ina n-iomláine de ghnáth. Mar sin féin, is féidir cáiseanna a bhfuil an t-ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint acu a roinnt i leathphíosaí nó i gceathrú píosaí ag na huachtarlanna, a bhfuil córas iomchuí acu chun bunáitíocht, tionscnamh agus cáilíocht an táirge a ráthú, mar aon le caomhnú cuí agus cur i láthair iomchuí don tomhaltóir, i gcomhréir leis na ceanglais dhlíthiúla maidir le sláinteachas agus sláinte.

Ní mór gearradh na gcáiseanna a dhéanamh in uachtarlanna atá cláraithe leis an mBord Rialála, agus atá sa limistéar táirgeachta.

3.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór tagairt don ATFC 'Queso Ibores' a bheith ar an táirge faoi chosaint. Ní mór lipéad arna údarú ag an mBord Rialála a bheith air. Ní mór lipéad tánaisteach uimhrithe arna eisiúint ag an mBord Rialála agus é greamaithe in uachtarlanna cláraithe a bheith ar an táirge atá beartaithe lena thomhailt ar bhealach nach féidir é a athúsáid. Greamaítear an lipéad tánaisteach sin de gach cáis, nó píosa cáise, ar bhealach nach féidir é a bhaint ná a athúsáid, agus ionas go bhfuil sé inaitheanta go ríshoiléir agus go n-áirithítear inrianaitheacht an táirge leis.

Cuma lógó éigeantach an ATFC:



Cuma an lipéid thánaistigh:



4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Áirítear sa limistéar ina dtáirgtear an bainne agus ina ndéantar an cháis ceantair nádúrtha Ibores, Villuercas, La Jara agus Trujillo: 35 bhardas san iomlán in oirdheisceart chúige Cáceres, in Extremadura.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

5.1. *Stair*

Is táirge í an cháis a bhfuil a bhunús ag dul siar na céadta blianta, le haghaidh táirgthe agus díola araon. Tá Queso Ibores, mar is eol dúinn inniu, á tháirgeadh sa limistéar a chumhdaítear leis an ATFC seo ó thús an tsaoil. Go deimhin, tá taifid ann go ndíoltaí é gach Déardaoin in Trujillo ó bhí an 14 Iúil 1465 ann, an dáta a bhronn Henry IV na Caistíle ar an mbaile sin an ceart chun a shaormhargadh féin a bheith aige, díolmhaithe ó chánacha ríoga ar ghlasraí, ar ghránaigh, ar bheostoc agus ar tháirgí ainmhithe (feoil, bainne, cáis, etc.). Tugtar 'Calle de los Cabreros' (sráid na dtréad gabhar) fós ar cheann de na sráideanna sa bhaile seo, ag meabhrú a úsáide mar bhealach éigeantach chuig an margadh seachtainiúil, trínar sheoladh feirmeoirí a gcuid ainmhithe.

Thairis sin, i mí Feabhra 1940 rinne an baile áitiúil Jaraicejo iarratas ar mhargadh seachtainiúil a bheith aige, agus bronnadh margadh seachtainiúil air i mí Eanáir 1945. D'fhéadtaí aon earraí agus táirgí a d'fhéadtaí a mheá nó a thomhas a thabhairt chuig an margadh sin. Le himeacht aimsire, bhí an margadh teoranta do cháis ghabhair a dhíol agus a cheannach, agus thugadh feirmeoirí ó shráidbhailte in aice láimhe a gcuid táirgí le díol gach seachtain ó mhí Eanáir go mí Iúil.

Mar gheall, den chuid is mó, ar thábhacht na n-earnálacha déiríochta agus cáiseoireachta sa chuid seo de Extremadura, ó bhí 1986 ann tá Féile Náisiúnta na Cáise á reáchtáil go bliantúil, ina bhfuil na táirgí cáise is fearr ó gach cearn den Spáinn agus ó thíortha eile freisin.

5.2. *Tosca nádúrtha*

Tá carachtar Meánmhuirí den chuid is mó ag an tuath, machairí cumhdaithe le féarach den chuid is mó ina bhfásann daracha toilm agus corcdharacha, ina bhfuil garráin fearnóg, poibleog agus sailí feadh na n-aibhneacha, agus ina bhfuil foraoisí sléibhe agus casarnach grianróis. Tá an talamh ardaithe, agus foirmíonn sé raonta de thalamh ard comhthreomhar a bhfuil aghaidh aige soir ó dheas agus siar ó thuaidh, agus limistéir leathmhá ina bhfuil dromchlaí bruthcharraige. Saintréith de chuid na haeráide is ea na meánteochtaí idir 15 °C agus 16 °C, agus na geimhrí fuara agus na samhraí an-te a bhíonn ann.

Is léir gurb iad na pórtha gabhar dúchasacha na pórtha gabhar is fearr atá oiriúnaithe do shaintréithe aeráide an limistéir, lena ngabhann geimhrí fuara agus samhraí te, agus don topagrafaíocht mhíchothrom agus do na dálaí crua a bhaineann lena bheith saor-raoin, nó leath-shaor-raoin. Baineann siad leas as an bhféarthalamh ar an talamh imeallach sin a bhfuil leas mór éiceolaíoch ag baint léi, rud a chuireann le caomhnú an chomhshaoil nádúrtha.

Cuireann flóra sainiúil an limistéir, arb iad daracha toilm agus corcdharacha is mó atá i dtreis ann, bia ar fáil ag a bhfuil cáilíochtaí sonracha áirithe don bheostoc, bíonn dearcáin ar cheann de phríomhfhoinsí bia den scoth an gheimhridh, mar aon le casarnach grianróis, tím, fraoch, etc. Táirgí déiríochta a bhfuil cáil orthu as a gcáilíocht a bhíonn mar thoradh air sin, cé nach táirgí iad bhíonn ró-mhínphróiseáilte.

5.3. *Córais tháirgthe agus phróiseála*

Úsáidtear bainne amh sa mhodh táirgthe, lena mbaineann na dálaí sláinteachais agus sláintíochta is fearr, ó ghabhair de na pórtha Verata, Retinta, Florida, Malagueña agus Murciana-Granadina agus crosphórtha díobh. Saintréith de na pórtha sin is ea roinnt cáilíochtaí ar leith amhail a gcruas iontach agus a gcumas dul in oiriúint d'adhaeráidí agus do thír-raon foircneach, agus go traidisiúnta ba iad sin an príomhphórtha gabhar a tógadh i limistéar táirgeachta 'Queso Ibores'. Is amhlaidh atá toisc nach bhfuil pórtha eile in ann an leibhéal inoiriúnaitheachta sin a bhaint amach i gcóras tógála saor-raoin nó leath-shaor-raoin, i bhfianaise thopagrafaíocht an limistéir nádúrtha.

Gníomhachtaítear an próiseas téachta trí úsáid a bhaint as binid nádúrtha atá homaiginithe go tionsclaíoch ón abomasam ó ghoile na n-athchogantach atá ag lachtadh, ina mbíonn 80 % reinin agus 20 % peipsin de ghnáth, agus ag a bhfuil meán-neart 1:15 000. Tarlaíonn téachtadh ag teocht idir 28 °C agus 32 °C agus maireann sé idir 30 agus 60 nóiméad. Déantar an gruth a tháirgtear a mhionghearradh ansin go dtí go bhfaightear gráinníní idir 5 mm agus 10 mm. Cuirtear iad sin i múnlaí sorcóireacha údaraithe lena múnlú, agus fáisctear iad ansin le meaisíní speisialta ar feadh 1 go 3 uair an chloig ag brú idir 1 agus 2 kg/cm2.

Is féidir leis an bpróiseas saillte a bheith tirim nó fliuch, ach is clóiríd sóidiam an t-oibreán a úsáidtear i gcónaí. Le sailleadh fliuch, féadfar an táirge a thumadh ar feadh suas le 24 uair an chloig i dtuaslagán salanda ag a mbíonn tiúchan uasta 20° Bé.

Teastaíonn ó Queso Ibores 60 lá ar a laghad a aibiú. Cáiseanna a mhonaraíonn táirgeoirí a úsáideann bainne óna mbeostoc féin agus a aibítear ar feadh 100 lá ar a laghad, is féidir cáis 'Artesanos' (ceardaíochta) a thabhairt orthu.

5.4. *Nasc cúisíoch idir an limistéar geografach agus cáilíocht agus saintréithe an táirge.*

Saintréith de chuid an limistéir a chumhdaítear leis an ATFC Queso Ibores is ea an tír-raon ard atá ann a fhoirmíonn raonta de thalamh ard comhthreomhar a bhfuil aghaidh aige soir ó dheas agus siar ó thuaidh. Is iad sin sléibhte Deleitosa, Villuercas, Palomera, Valdelacasa, chomh maith le Altamira, a bhfuil teorainn aige le cúige Toledo, ag a bhfuil beanna grianchloichíte Armarcacha agus slinne. Tá limistéir leathmhá ann ina bhfuil tír-raon Réamhchaimbriach ina bhfuil limistéir mhóra de bhruthcharraigeacha freisin. Tá cuid mhór de limistéar geografach an ATFC anois mar chuid de gheopháirc 'Villuercas, Ibores, Jara', atá aitheanta ag UNESCO.

Ón gcianaois, bhí na tailte sin i bhfabhar pórú cineálacha gabhar áitiúil atá oiriúnaithe do dhálaí géara an fhéaraigh.

Tá an tírdhreach Meánmhuirí den chuid is mó, talamh féaraigh den chuid is mó ar an machaire, ina bhfuil garráin fearnóg, poibleog agus sailí feadh na n-aibhneacha agus sna humair, agus foraoisí sléibhe. Ní hamháin go bhfuil an talamh féaraigh déanta as dair thoilm agus féara: ag brath ar na hithreacha agus ar an taise, áirítear freisin ina mheascán luibheolaíoch dair, corcdharacha, castán, caschoill grianróis, fraoch, giolcach, labhandar Spáinneach agus tím. Cé nach flúirseach iad, tá na féarthailte ar ardcháilíocht.

De réir mar a bheathaíonn siad, baineann na gabhair tairbhe as an saibhreas comhshaoil agus nádúrtha sin, as a ndéantar dtáirgí déiríochta ar ardcháilíocht. Is é an toradh atá air sin ná Queso Ibores ag a bhfuil dea-bholaithe agus blasanna déiríochta, plandaí, bláthacha agus torthaíocha le braistint go soiléir toisc gur as bainne amh a dhéantar é.

Úsáidtear modhanna táirgthe traidisiúnta fós, ach cuirtear teicneolaíocht nua-aimseartha i bhfeidhm chun na caighdeáin cháilíochta is airde maidir le sláinte agus sláinteachas a chomhlíonadh, agus chun Queso Ibores barántúil uathúil a tháirgeadh.

Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.juntaex.es/documents/77055/621148/Pliego+DOP+Queso+Ibores.pdf